Oifigeach Forbartha Gaeilge CLG na Mumhan

Tréimhse an chonartha:	**Conradh ar théarma seasta 3 bliana**
Láthair oibre:	**Áras Mumhan, Caladh an Treoigh, Luimneach**
Freagrach do:	**Oifigeach Forbartha Gaeilge Náisiúnta CLG / Rúnaí Chomhairle na Mumhan**

Beidh ról Oifigeach Forbartha Gaeilge na Mumhan tiomanta d'fhorbairt na Gaeilge i gCumann Lúthchleas Gael agus i measc an phobail i gCúige Mumhan. Cuirfidh Oifigeach Forbartha Gaeilge na Mumhan clár leathan forbartha Gaeilge i gcrích a fhorbróidh úsáid agus feiceálacht na Gaeilge sa Chumann i gCúige Mumhan i gcomhar le Comhairle na Mumhan CLG agus le hOifigeach Forbartha Gaeilge CLG i bPáirc an Chrócaigh.

Aontófar spriocanna soiléire oibre a bhainfidh leis na feidhmeanna seo a leanas;

- An Ghaeilge a chothú ar ardáin éagsúla chumarsáide CLG na Mumhan.
- Béim faoi leith ar úsáid na Gaeilge sna meáin shóisialta agus ar an óige.
- Baill agus clubanna a spreagadh maidir le labhairt, úsáid agus forbairt na teanga. Bainfear úsáid as tionscadail reatha an Chumainn leis seo a bhaint amach agus forbrófar cláir eile de réir mar is gá le Comhairle na Mumhan CLG agus le hOifigeach Forbartha Gaeilge CLG i bPáirc an Chrócaigh.

Próifíl an phoist

Post forbartha atá i gceist leis an bpost seo. Beidh ar an té a cheapfar tabhairt faoi;

- Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha a chur chun cinn i gCúige Mumhan.
- Taighde agus iniúchadh a dhéanamh ar staid reatha úsáid na Gaeilge sa Chúige - sna clubanna, ag leibhéal na gcoistí, na boird contae agus i CLG na Mumhan féin. Bainfear leas as an eolas a bhailítear mar bhunús don tionscadal seo le cur le líon na Gaeilge i CLG na Mumhan.
- Straitéis a chur in áit le cur chun cinn na Gaeilge a fhorbairt sa Chúige ar bhonn digiteach.
- Forbairt ar phlean poiblíochta don Ghaeilge sa Chúige.

- Cúrsaí oiliúna a sholáthar d'fhoireann, do choistí agus d'fhochoistí CLG na Mumhan ar bhonn contae agus ar bhonn cúige
- Oiliúint a chur ar fáil do na hoifigigh Gaeilge agus cultúrtha sna clubanna.
- Imeachtaí agus deiseanna úsáidte Gaeilge a chur ar fáil go réigiúnda, sna clubanna agus sna ceantair éagsúla le húsáid na Gaeilge a spreagadh agus a éascú.
- Imeachtaí agus deiseanna sóisialta a chur ar fail ag cluichí sna craobhchomórtais le húsáid na Gaeilge a spreagadh agus a éascú i measc bhaill agus lucht leanta an Chumainn, nuair is cuí.
- Cúl Camps Gaeilge a fhorbairt i ngach contae nó gnathchampaí Gaeilge dírithe ar lucht bunscoile nuair is cuí.
- Ábhar trí Ghaeilge a chinntiú i gcláir na gcluichí.
- Cuir leis an méid Gaeilge atá ar shuíomh na Comhairle.
- Comhoibriú le boird chontae le húsáid na Gaeilge a chinntiú ar a meáin shóisialta agus ar a suímh gréasáin.
- An scéim scoláireachtaí Gaeltachta a chomhordú, a fhorbairt agus a fhás.
- Comhoibriú le tograí náisiúnta Gaeilge CLG nuair a bhaineann sé le CLG na Mumhan.

Riachtanach

- Ardleibhéal Gaeilge idir scríofa agus labhartha;
- Taithí agus tuiscint ar éiteas Chumann Lúthchleas Gael;
- Taithí agus tuiscint ar an ról a bhaineann le forbairt na Gaeilge i measc an phobail agus ar earnáil na Gaeilge;
- Taithí ar fheachtais a bhaineann leis na meáin shóisialta a reáchtáil agus ábhar ar líne a chur ar fáil;
- Cáilíocht ábhartha chun riachtanais an róil a bhaint amach;
- Taithí ar bheith ag obair i ról forbartha eile;
- Cumas smaointe a fhorbairt go mbeidh siad ina gcláir éifeachtacha gníomhaíochta;
- Cumas tuairiscí/iarratais a scríobh;
- Ceadúnas iomlán tiomána.

Inmhianaithe

- Taithí ar obair i dtimpeallacht chomhchosúil/ról in earnáil chomhchosúil is inmhianaithe;
- An cumas oibriú de réir spriocdhátaí teanga agus faoi bhrú;
- An cumas coincheapa a chur in iúl do lucht na hardbhainistíochta;
- Scothscileanna maidir le cur i láthair;
- An cumas eolas a scaipeadh i bhformáid loighciúil agus físe;
- Bheith ag obair go héifeachtach le daoine eile;
- Muiníneach, féinspreagtha agus dírithe ar spriocanna;
- An cumas smaointe a chruthú agus a thabhairt chun críche.

Má tá spéis agatsa san obair seo agus má tá na cáilíochtaí agat, seol CV agus litir iarratais chuig https://www.jobs.ie/ApplyForJob.aspx?Id=2108279 roimh 3pm, Dé Céadaoin, 7 Nollaig 2022

Is fostóir comhionannais é Cumann Lúthchleas Gael.
Tá an post seo maoinithe ag Foras na Gaeilge.